

# SÉIPEÁL mhic DARA

ACHOSCAILTE

24 DEIREADH Fómhair 2002



An Séipeal ón gcúl/taobh

## Buíochas

Micil Ó Loideáin, An Gleann Mór; Maedhbh Nic Dhonnchadha; Córa de Paor,  
Áine Ní Cheallaigh agus Mairead Ní Chonghaile; An tAthair Colm Ó  
Ceannabháin; An tAthair Peadar Ó Conghaile; An tAthair Éamon Ó Conghaile, An  
tAthair Máirtín Lang; Europus; Raidió na Gaeltachta  
Tomás Mac Con Iomaire, Eagarthóir.

## " Éist le glór na habhann agus gheobhaidh tú breac"

Tá séipéal Mhic Dara tógtha ar chnocán aoibhinn ar bhruach bhaile na Ceathrún Rua. Ba dheacair suíomh níos feiliúnaí a fháil. Tógadh an séipéal ansin in 1893. Cuireadh píosa leis in 1947- 48. Ba í an tslinn chéanna a bhí ar an tsean-chuid den séipéal ó tógadh é go dtí anuraidh. Cuireadh caoi ar an díon anuraidh. Chaithfí, mar bhí roinnt de na sclátaí bogtha agus cuid acu ag titim go talamh. Is fánach a tharlódh timpist agus ní cheideoínn ar a bhfaca mé riamh dá ngortófaí duine eicínt. Ar fhaitíos go mbeadh cuid den obair ag magadh faoin gcuid eile, dúirt muid go mb'fhéarr an t-íomlán a dhéanamh. Choimnigh muid ar fhéad muid de na sean-sclátaí agus chuir muid sclátaí nua ar an gcuid eile. Pádraig Simon Mac Donncha as an Aird Mhór a rinne an obair. Bhí sé féin go maith agus bhí foireann mhaith aige. P.J Newell an t-innealtóir a bhí i mbun na hoibre. Chosain an obair os cionn €90,000.

Nuair a bhí an méid sin déanta, thosaigh an taobh istigh ag éileamh. Nach raibh sé chomh ceart céanna go gcuirfí an tslacht chéanna ar an taobh istigh agus a cuireadh ar an taobh amuigh. Bhí deacracht bheag againn an uair sin. Ní hé chuile dhuine a cheap gur theastaigh caoi ón taobh istigh, faitíos a bhí orthu nach mbeadh na gnéithe dúchasacha a bhain leis chomh follasach, ach ghéill muid d'éileamh an taobh istigh, Bhí go leor rudaí nach raibh mé féin go pearsanta sásta leo. Nuair a bhínn ag ceiliúradh an Aifrinn, cheap mé go raibh mé ró-fhada ón bpobal, bhí an tuairim chéanna ag an Athair Peadar. Níor thaitimigh doras na sráide ná an halla taobh istigh de riamh liom. Ní raibh aon suáilceas ag baint leo. Bhí togha an adhmaid air ach níorbh é an dath céanna a bhí uilig air. Ní raibh aon doras taobh thiar air. Ní raibh sé feiliúnach don Bhaiste.

Chuir mé fios ar mo chara, An tAth Ciarán de Bhaldrathe. Tháinig sé. An chéad agall a chuir sé tar éis breathnú thart, dúirt sé "Do you know, Colm", adúirt sé, "when I came in the front door I became confused, too many colours". Níor chuir mé ina aghaidh. Thug sé moltaí dhom agus tharraing sé léaráidí. Thaitimigh siad liom. Bhí an phlean agam ansin, ach í a chur i gcrích, b'shin í an cheist. Chuaigh mé ar thóir comhairle. Fuair mé í sin ó Dheirdre Ní Thuairisc agus feiceann sibh go léir lorg a láimhe, níl aon chúis clamhsáin ag an taobh istigh feasta. Thug sí le chéile na smaointe agus an obair in aon aonad amháin, nár laga Dia í.

Tugadh an chuid seo den obair do Phádraig Simon le déanamh chomh maith, rinne sé go críochnúil í. Tháinig an-tacaíocht ón bpobal chomh maith, Comhlacht Adhmaid Teo, a rinne an chuid is mó den obair adhmaid, Daithí Ó Tuathail a rinne an leictreachas, Pádraig Ó Fathaigh as Maigh Cuilinn a rinne an t-urlár agus an sanctóir, Aria a rinne na fuinneoga, Pádraig agus P.J a rinne an tsuíneireacht, Pádraig agus P.J agus Jimmy a rinne an phéinteáil ach gur thug David agus Máirtín lámh chúnta dóibh. Ní bheadh an obair críochnaithe fós murach an obair dheonach a rinne an pobal idir fhir is mhná, leithéidí Dhomhnall Ó Broin, Ronnie Garvey, Mick Ó Néill, Cólín Ó Loideáin, Pádraig Ó Mullaoidh, Máirtín Terry, Cathal Ó Domhnaill, Éamonn Ó Cualáin, Colm Mac Donnacha agus na fir eile a tháinig le suíocháin a athrú ó áit go háit. Ansin i measc na mban bhí na Mná Rialta, Baba, Catherine, Julia, Mary, Lucy, Mary Joe, Máirín. Ar ndóigh ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar an Athair Peadar agus na múnóga allais a d'fhág sé ann ina dhiaidh sa séipéal nuair a bhí sé ag baint na seantfleanna den urlár.


Rinne FÁS a gcion féin timpeall an tséipéil agus ar ndóigh rinne Johnny sár-obair taobh istigh agus taobh amuigh mar is gnách. Go gcúití Dia a saothar leo ar fad.

Chosain an chuid sin den obair ós cionn €130,000. Rinne na bailitheoirí sár-obair, chuaigh siad thart chuile mhí ó theach go teach ag bailiú aúrid. Ní raibh sé éasca ach bhí bunáite theaghlach an

phobail fíor-ghroíúil leo agus cuid de na teaghlaiigh nár foc ar a seal d'foc siad ó shin. Bhí cuid de na teaghlaiigh nach raibh in acmhainn foc, ní aon mhilleán ag dul dóibh agus tá súil agam go mbainfidh siad taithneamh as an séipéal in éineacht linn uilig. Tháinig roinnt mhaith síntiúisí isteach ach b'fhearr leo nach luafai a n-ainm. Go méadaí Dia a stór. Is gearr go mbeidh na fiacha íoctha le cúnamh Dé.

Bhí muid ag lorg suaimhnis, síochána, fáilte agus suáilcís i dTeach an Phobail. Tá sé sin againn buíochas mór le Dia. Is féidir linn go léir ár nádúr a chur in iúl, teacht le chéile mar phobal i dteach atá suáilceach, fáilteach mar is é ár nádúr teacht le chéile agus ceiliúradh le chéile in ómós do Dhia agus dá chéile. Sílím go gcuideoidh an chríoch atá ar an séipéal an ceiliúradh sin a dhéanamh níos fearr. Mura gcuideoidh ní fiú an tairbhe an trioblóid.

Ach is fiú le cúnamh Dé agus is é mo ghuí, lá is faide anonn ná inniu, go nglactfaidh pobal an Chillín buíochas libh agus iad bailithe le chéile ag ceiliúradh an Aifrinn.



An tAthair Colm Ó Ceannabháin  
Sagart Paróiste

## Séipél na Ceathrún Rua

### An Seanteampall

Is é An Seanteampall, Teampall Bharr an Doire nó Teampall Inis Mhíic Ádhaimh nó Teampall Naomh Smocán an séipéal is sine sa gceantar seo agus go deimhin glactar leis gurb é an fothrach is sine sa gceantar é. De réir staidéir seandálaíochta a rinne scoláirí as an gceantar roinnt blianta ó shin tógadh an séipéal roimh dheireadh an cúigiú céad déag. Tá sé suite ar bhruich na farraige ó dheas de Reilig Bharr an Doire, gar do bhéal Chuan Chasla. Nuair a scríobh an staraí Ruaidhrí Ó Flaithearta an leabhar cáiliúil **West or h-Iar Connaught** i 1684 thagair sé don teampall seo agus dúirt go raibh an fothrach ann leis na cianta. Tá an seanteampall féin seasca troigh ar fhad o bhinn go binn agus dhá throigh is fiche ar leithead. De chloch na háite atá sé tógtha seachas an chloch aoil sna fuinneoga agus sna doirse. Glactar leis gur as Áráinn a tháinig an chloch aoil.

Deir an Flaitheartach gurb é an 15ú Márta a bhí tugtha síos do Lá an Phatrúin ag an teampall.

Ta roinnt uaigheanna sa séipeal agus fear as an Sruthán an duine deireanach a cuireadh ann. Tá leac taobh amuigh den teampall agus ainm an Athar O'Roarke a bhí sa gCeathú Rua sa mbliain 1818 uirthi. Ar an leac tá greannta:

IHS

Hoc Altare dei


Erigebatur a Reverendo

Domino Paulino o Roarke

AD 1818

Níl an tAthair O'Roarke curtha sa teampall. Is amhlaidh a tugadh an leac ansin tar éis í a fháil sa bhfásach gar don séipéal. Creideann an tAthair Máirtín Lang gur amhlaidh a bhí an sagart curtha sa sean-séipéal, san áit a bhfuil an scoil náisiúnta anois, rud ba gnách a dhéanamh sa tseanaimsir agus gur aistríodh an leac nuair a bhí an scoil náisiúnta á tógáil sna caogaidí.

Ón teampall seo a tháinig ainm an pharóiste ar dtús - An Cillín.



An Seanteampall

## An Séipéal sa gCaorán Mór

Sa gCaorán Mór a bhí an chéad séipéal atá fós i gcuimhne na ndaoine. Bhí sé gar don áit a bhfuil Tí Mhíicil Jeaic De Paor agus bhí teach an tsagairt san áit a bhfuil Tí Mhuintir Nualláin anois. As seo a baisteadh Bóithrín an tSagairt ar an mbóthar atá ag dul suas thaobh Chnoc an Phobail. Bhí an séipéal seo le feiceáil fós ar an léarscáil ordanáis sa mbliain 1840.

De réir sheanchas na háite ba é cabhlach Shasana a leag an séipéal de bharr scliúchais a tharla mar gheall ar phoitín. Tháinig an cabhlach i dtír le poitín a thógáil agus deirtear gur maraíodh mac an chaipitín sa scliúchas. Tugadh an mac ar ais ar bord loinge agus thosaigh an cabhlach ag caitheamh a gcuid gunnaí móra leis an séipéal. Ba é an foirgneamh ab airde sa gceantar é, é suite ar thaobh Chnoc an Phobail. Mealltracha móra luaidhe abhí sna hurchair a scaoileadh leis an séipéal agus deirtear go bhfuil ar a laghad péire de na hurchair sin sa bpobal fós. Leádh go leor de na hurchair i gcaitheamh na mblíanta agus úsáideadh iad le piléir agus meáchain a dhéanamh le haghaidh iascaigh. De réir an tseanchais déanadh suas an séipéal agus léití aifreann ann ar feadh tamaill ina dhiaidh sin.

## An Séipéal sa tSráidbhaile


Níltear cinnte cén uair dheireanach ar cuireadh deireadh leis an aifreann sa gCaorán Mór ach faoin mbliain 1850 bhí an séipeal nua léirithe ar an léarscáil ordanáis. Bhí an séipéal seo san áit a bhfuil an scoil náisiúnta anois. Séipéal fada caol a bhí ann. Ar chúl an tséipéil bhí teach an tsagairt agus san áit a bhfuil teach an tsagairt inniu bhí monarcha bheag ag déanamh lásaí fuinneog. Bhíodh ceathrar nó cúigear ag obair sa monarcha seo.

Bhí an séipeal seo fós á úsáid ag an bpobal faoin am ar tháinig an tAthair Bhaitéar Mac Conbhuí chun na Ceathrún Rua sa mbliain 1883. Thóg an tAthair Bhaitéar teach nua don sagart sa mbliain 1889. Deirtear go ndeachaigh sé go Meiriceá ag tús na nóchaidí le airgead a bhailiú le Séipéal nua a thógáil.

## An Séipéal Nua

Tógadh an séipeal atá ann faoi láthair, Séipéal Mhic Dara, sa mbliain 1893. Deirtear gur thosaigh an obair i mí an Aibreáin agus gur léadh an chéad aifreann sa séipéal Oíche Nollag na bliana sin. Deirtear nach raibh urlár fós sa séipéal don chéad aifreann agus go raibh cláracha leagtha ar an urlár le go rachadh daoine ar a nglúine. £1,100 a chosain an séipéal.

Saortha as an gceantar a bhí ag obair ar thógáil an tséipéil. Coilmín Pheige Shabha Breathnach a chuir an cloigeann air agus bhí Micil Seárlaí Ó Loidéain in éineacht leis. Bhí siúneara eile as Cois Fharraige ag obair leo freisin. Bhí Coilmín Pheige Shabha ina chónaí sa teach atá ag Cormac Ó Domhnaill anois. Naoi dtroigh is fiche a bhí na rataí a cuireadh ar an séipéal. As an mBreatain Bheag a tháinig na sclátaí.



An Séipéal taobh istigh

Peaitsín John Mac Donncha as Cuileán a thug ábhar an tséipéil as Gaillimh ina bhád An Mhaighdean Mhara. Tí Chomeford i nGaillimh a ceannatodh an t-adhmad agus ba é Peaitsín John a thug amach freisin ábhar an chloiginn don seanscoil a tógadh freisin i 1893. Go Caladh Thaidhg, seachas go Céibh an tSrutháin, a tugadh ábhar an tséipéil mar go raibh droch-chaoi ar an mbóthar ag Loch an Mhuilinn le casadh géar anuas le fána.

I ndeireadh na 1940aidí cuireadh dhá sciathán, túr agus sanctóir leis an séipéal. Bhailigh an tAthair Aindriú Ó Móráin airgead i Meiriceá don obair seo. Na Cuinneáin, comhlacht tógála as Maigh Eo a rinne an obair seo. Bhí duine den teaghlach seo an Dr. Ó Cuinneáin ina Ard Easbag ar Thuaim níos deireanaí agus tá duine eile acu, an tAthair Séamus Ó Cuinneáin, ina Shagart Paróiste sa gClochán faoi láthair. Thóg an sagart paróiste an tAthair Colm Ó Ceannabháin teach sagairt nua i 1996. Sa mbliain 2002 déanadh go leor obair dheisiúcháin ar an séipéal agus is é athoscal an tséipéil atá á cheiliúradh againn tráthnóna inniu an 24ú lá de Dheireadh Fómhair 2002.

Tá fáilte ar leith roimh Ard Easbag Thuama, an Dr. Micheál Ó Néaraí, chuig ócáid athoscailte Sheipéal Mhic Dara, An Cheathrú Rua.

## Tobar na Croise

Bhí cáil mhór ar an Athair Stiofán Ó Conghaile as Inis Mór, Árainn, nó an Misiún Connolly mar is fearr a bhí aithne air, ag tabhairt misiún ar fud an cheantair agus é ag labhairt go láidir in aghaidh an phoitín. Tar éis dó misiún a thabhairt ar an gCeathrú Rua beartaíodh crois a chur in airde ag Loch an Mhuilinn a chuirfeadh drochghníomh an phoitín i gcumhne do na daoine. Déanadh an chrois as seanchrann a bhí ar an mbád An American Mór. Duine de na Sapair as an bPointe a rinne an chrois agus cuireadh ina seasamh í i 1934. Déanadh tobar le hais na croise agus an lá ar cuireadh an chrois ina seasamh dtúirt an sagart paróiste an tAthair Mac Aodha go dtabharfadh se coróin don duine is fearr a thabharadh ainm ar an tobar nua. Dúradh go leor ainmneacha ach ba é Ned Ó Cadhain as Cuileán a fuair an choróin

nuair a thug sé Tobar na Croise air. Cuireadh crois nua a rinne comhlacht Adhmad Teoranta, Doire Né suas i dtús na 1980aidí.

### Lá an Phátrúin

Dheintí ceiliúradh ar an bpátrún Lá Fhéil Mhic Dara san am a caitheadh, cé go ndéir Ruaidhrí Ó Flaithhearta gurbh é an 15 Márta a dhéantaí ceiliúradh ar an bpátrún sna blianta faoi. Thíos ag an Seanteampall a bhíodh an pátrún ar dtús. D'aistrigh sé ansin aníos go Céibh an tSrutháin. Níos deireanaí bhíodh an pátrún ar Chnoc an Phobail nuair a déantaí turas ar Loch na Naomh agus níos deireanaí arís is ag Leic an Phátrúin, san áit a bhfuil Tí an Táilliúra anois, a bhíodh an pátrún. Tháinig deireadh leis an bpátrún sna caogaíidí.

### Sagairt de bhunú na Ceathrún Rua

Mícheál Ó Flatharta as an nGleann Mór. Oirníodh ina shagart é an 26 Márta 1928 agus bhásaigh sé i Meiriceá an 10 Meitheamh 1977.

Oirníodh Máirtín de Bhailís as an bPointe ina shagart an 31 Iúil 1947. Bhásaigh sé in Adelaide na hAstráile an 29 Márta 1973.

Oirníodh Diarmuid Ó Nualláin as an gCaorán Mór Domhnach Cásca 1962.

Oirníodh Tomás O Tuathail as Doire Né an 2 Iúil 1964. Bhásaigh sé an 27 Bealtaine 1972.

Oirníodh Seán Mac Donnchadha as Inis Mhic Cionnaith an 13 Meitheamh 1965. Bhásaigh sé an 30 Samhain 2000.


Oirníodh Fiontán Ó Monacháin an 16 Meitheamh 1991.

### Sagairt an Chillín agus Gharumna

1786	.....	Frank Cahill
1818	.....	Pat O' Roarke
1822 - 1823	.....	Michael Lannon
1826-	.....	Michael Joe Heraty
1837 - 1839	.....	Michael Mulherrins
1839 - 1841	.....	Pat Lyons
1841 - 1844	.....	John McGoff
1844 - 1850	.....	John O' Boyle
1844 - 1851	.....	Pat Horan
1850 - 1852	.....	Richard Hosty
1851 - 1855	.....	Peter Roche
1855 - 1856	.....	Pat Moore
1854 - 1856	.....	John Moran
1856 - 1872	.....	Austin Dwyer
1858 - 1872	.....	Peter Conway
1870 - 1872 &	.....	
1893 - 1896	.....	John Flattley
1878 - 1883	.....	John Denis Mullarkey
1872 - 1883	.....	Martin Melleth
1885 - 1886	.....	Michael Fallon
1883 - 1896	.....	Watt Conway
1896 - 1928	.....	Sean Healy
1886 - 1888	.....	Dan McLoughlin
1888 - 1892	.....	Pat Mannion
1893	.....	James Kilgarriffe
1896 - 1898	.....	Anthony R. Waldron
1898 - 1899	.....	Ned Lavelle
1898 - 1900	.....	James Heaney, Crossboyne
1899 - 1901	.....	James Heaney, Liskeavy
1901 - 1902	.....	Tom Heaney, Liskeavy
1901 - 1903	.....	Pat Brett
1901 - 1903	.....	Ned Lavelle
1903 - 1904	.....	William Lavelle
1903 - 1909	.....	Pat Keaveney

1904 – 1906	Michael J. Owens
1906 – 1908	James Mullarkey
1908 – 1912	Marty Adams
1908 – 1914	John Kenny
1909 – 1913	Tom Ronane
1914 – 1916	James Cafferkey
1912 – 1914	John Gibbons
1914 – 1916	P. J. Moane
1916 – 1919	Micheál Walsh
1917 – 1919	Martin Murphy
1919 – 1921	Michael McEvilly
1916 – 1917	James Heaney
1919 – 1925	Tommy Burke
1921 – 1925	Mattie Lee
1925 – 1929	John Mangan
1926 – 1928	Ned Donohue
1928 – 1934	Edward J. Higgins
1928 – 1938	Bill Nohilly
1934 – 1938	Pat McHugh
1938 – 1957	Tommy Concannon
1938 – 1939	Andy Moran
1939 – 1944	Louis Hennelly
1944 – 1948	James Horan
1948 – 1955	Joe McNamara
1955 – 1960	Seán Ó Maithe
1949 – 1950	Seán Blake
1957 – 1959	Fr. Fitzpatrick.
1959 – 1965	Martin Newett
1960 – 1961	Joe Costello
1957 – 1968	Paddy Costello
1961 – 1971	Michael Godwin
1965 – 1969	Michael Flannery
1969 – 1975	Joseph Cooney
1968 - 1975	Máirtín Lang
1975 – 1994	Tommy Concannon
1994 -	Máirtín Lang
	Colm Ó Ceannabháin

1971 – 1980	Micheál Ó Fátharta
1987 – 1990	Tómás Ó Mainín
1975 – 1987	Pádraig Standún
1990 – 1995	Seosamh Ó Feinneadhá
1995 – 1997	Denis Gallagher
1997 -	Peadar Ó Conghaile
1980 – 1981	James O'Grady
1981 – 1989	Mattie Long
1989 – 1991	Tod Nolan
1991 – 1998	Ciarán Blake
1998 –	Éamon Ó Conghaile



An tAthair Éamon Ó Conghaile

## Sagairt na Ceathrún Rua

1786	Frank Cahill
1818	Pat O'Roarke
1822 - 1823	Michael Lannon
1826-	Michael Joe Heraty
1837 - 1839	Michael Mul Kerrins
1839 - 1841	Pat Lyons
1841 - 1844	John McGoff
1844 - 1850	John O'Boyle
1844 - 1851	Pat Horan
1850 - 1852	Richard Hosty
1851 - 1855	Peter Roche
1855 - 1856	Pat Moore
1854 - 1856	John Moran
1856 - 1872	Austin Dwyer
1858 - 1872	Peter Conway
1870 - 1872 &	
1893 - 1896	John Flattley
1878 - 1883	John Denis Mullarkey
1872 - 1883	Martin Melleth
1885 - 1886	Michael Fallon
1883 - 1896	Watt Conway
1896 - 1928	Sean Healy
1886 - 1888	Dan Mc Loughlin
1888 - 1892	Pat Mannion
1893	James Kilgarriffe
1896 - 1898	Anthony R. Waldron
1898 - 1899	Ned Lavelle
1898 - 1900	James Heaney, Crossboyne
1899 - 1901	James Heaney, Liskeavy
1901 - 1902	Tom Heaney, Liskeavy
1901 - 1903	Pat Brett
1901 - 1903	Ned Lavelle
1903 - 1904	William Lavelle
1903 - 1909	Pat Keaveney
1904 - 1906	Michael J. Owens
1908 - 1914	John Kenny
1909 - 1913	Tom Ronane

1914 - 1916	James Cafferkey
1917 - 1919	Martin Murphy
	John Mangan
1926 - 1928	Edward J. Higgins
1928 - 1938	Pat Mc Hugh
1938 - 1957	Andy Moran
1938 - 1939	Louis Hennelly
1949 - 1950	Fr. Fitzpatrick
1957 - 1959	Martin Newett
1959 - 1965	Joe Costello
1957 - 1968	Michael Godwin
1965 - 1969	Joseph Cooney
1969 - 1975	Máirtín Lang
1968 - 1975	Tommy Concannon
1975 - 1994	Máirtín Lang
1994 -	Colm Ó Ceannabháin
1987 - 1990	Tómás Ó Mainín
1975 - 1987	Pádraig Standún
1990 - 1995	Seosamh Ó Feinneadha
1995 - 1997	Denis Gallagher
1997 -	Peadar Ó Conghaile



An tAthair Peadar Ó Conghaile